C/2026/6048

18.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12576 — OLIN / HUNTSMAN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6048)

1. An 9 Samhain 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Olin Corporation ('Olin', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Huntsman Corporation ('Huntsman', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Déanfaidh Olin cumasc iomlán, de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den Rialachán um Chumaisc, le Huntsman.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir agus dáileoir domhanda táirgí ceimiceacha é Olin a oibríonn trí thrí rannán gnó: (i) Chlor-Alkali Products and Vinyls, (ii) Epoxy, agus (iii) Winchester (soláthraí armlóin spóirt),

— Is monaróir agus dáileoir domhanda táirgí ceimiceacha orgánacha éagsúlaithe é Huntsman a oibríonn i dtrí dheighleog ghnó: (i) Polúireatáin, (ii) Táirgí Feidhmíochta, agus (iii) Ardábhair. Áirítear leis an dara gnó monarú agus soláthar táirgí eapocsacha ardfhorbartha ó thaobh na teicneolaíochta de a úsáidtear in earnálacha tionscail éagsúla.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12576 — OLIN / HUNTSMAN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').